RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1988 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Iúil 2022

lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse chun leanúint de sheirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta mar a thagraítear in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 48(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2020/1503, féadfaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin a údaraíodh faoin dlí náisiúnta roimh an 10 Samhain 2021 leanúint de sheirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta sin go dtí an 10 Samhain 2022. Tugadh isteach an idirthréimhse sin chun go leor ama a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin atá ag oibriú cheana féin a gcuid gníomhaíochtaí gnó a chur in oiriúint don chóras dlíthiúil nua agus chun dóthain ama a bheith acu iarratas a dhéanamh ar údarú faoin gcóras sin, agus chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann go leor faisnéise agus acmhainní a bhailiú chun aistriú gan suaitheadh sa mhargadh a áirithiú.

(2) Le hAirteagal 48(3) de Rialachán (AE) 2020/1503, ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/1503 maidir le soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin nach soláthraíonn seirbhísí sluachistiúcháin ach ar bhonn náisiúnta agus ar thionchar an Rialacháin sin ar mhargaí sluachistiúcháin náisiúnta a fhorbairt agus ar an rochtain ar mhaoiniú. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur, uair amháin, leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 48(1) den Rialachán sin 12 mhí.

(3) Ba é conclúid an Choimisiúin, tar éis dó measúnú a dhéanamh inar breithníodh an chomhairle theicniúil a d'ullmhaigh ESMA agus a fuarthas an 19 Bealtaine 2022, gur gá síneadh 12 mhí a chur leis an idirthréimhse ionas nach mbeidh suaitheadh i roinnt margaí móra sluachistiúcháin náisiúnta. Ba é ba chúis leis an suaitheadh sin nach mbeadh údaráis inniúla áirithe in ann nósanna imeachta údarúcháin a chur i gcrích faoin 10 Samhain 2022 agus nach mbeadh sé ar chumas na n-ardán sluachistiúcháin atá ag feidhmiú faoin dlí náisiúnta iad féin a oiriúnú in am do chreat níos cuimsithí.

(4) Mar gheall ar an riosca ard go dtarlódh suaitheadh sa mhargadh, is iomchuí, dá réir sin, síneadh 12 mhí a chur leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2020/1503, go dtí an 10 Samhain 2023, chun dóthain ama a thabhairt d'ardáin sluachistiúcháin atá ag feidhmiú faoin dlí náisiúnta agus d'údaráis inniúla iad féin a oiriúnú don chóras nua.

(5) Ionas go gcuirfear síneadh leis an idirthréimhse atá ann cheana sula rachaidh sé in éag nó a luaithe is féidir tar éis dó dul in éag, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart é a bheith infheidhme tráth nach déanaí ná an 11 Samhain 2022.

([1]) IO L 347, 20.10.2020, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2020/1503 go dtí an 10 Samhain 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 11 Samhain 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN